Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Aibreán 2019**
**(OR. en)**

**8084/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0287(COD)**

**CODEC 842**
**JUSTCIV 99**
**CONSOM 127**
**DIGIT 70**
**AUDIO 57**
**DAPIX 126**
**DATAPROTECT 113**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí chun ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha a sholáthar **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 9 Nollaig 2015, chuir an Coimisiún an togra[1] thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 27 Aibreán 2016[2].

3. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh ar an 14 Márta 2017[3].

[1] 15251/15.
[2] IO C 264, 20.7.2016, lch. 57.
[3] IO C 200, 23.6.2017, lch. 10.

4. Ar an 26 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in
PE-CONS 26/19 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 7718/19.